1 Coláiste Uisce Anti Bullying Statement

Coláiste Uisce will not accept bullying of any kind. We understand this is a common problem among teenagers and can be a natural part of growing up. Therefore, it is for these reasons each member of staff must be aware of our policy and trained how to:

- prevent incidents of bullying
- manage an accusation of bullying
- ensure the safety of all parties involved including those alleged to have perpetrated the bullying incident.

Ní ghlacfaidh Údarás an Choláiste le hiompar bulaíochta de chineál ar bith. Tuigeann muid gur fhadbh choitianta í i measc déagóirí agus gur cuid den phróiséis nádúrtha é nuair atá daoine ag fás agus mar sin caithfidh gach baill foirne a bheith ar an eolas faoin ár gcórais:

- *Bulaíocht a sheachaint*
- *Líomhainte bulaíochta a bhainistiú agus sábháilteacht* ***gach baill*** *den eachtra a chinntiú (an cúisí san áireamh)*

2 What is bullying?

Bullying can be defined as repeated aggressive behaviour; be it verbal, psychological, physical or cyber, conducted by an individual or group against others. However, should one incident occur, this does not necessarily mean it is a case of bullying.

Is é an rud atá i gceist le bulaíocht ná ***athchleachtadh droch iompar i dtreo duine eile.*** *Má tharlaíonn eachtra amháin ní chiallaíonn sé seo gur fíorbhulaíochta atá i gceist.*

3 How can it be prevented?

- Should a student witness any form of bullying, he/ she should be encouraged to report it immediately to the prinicipal, teachers, ardchinnirí or bean an tí.
- Ensure that all members follow the code of conduct, which promotes the rights and dignity of each member.
- Deal with any incidents as they arise by informing the principal, teachers, bean an tí agus ardchinnirí.
- Use a whole group policy by following the Policy and Procedures for Bullying.

- *Má dhéantar bulaíocht ar dhuine ar bith moltar dóibh é a insint láithreach do mhúinteoir, do cheannaire, do bhean an tí nó don phríomhoide.*
- *Má tharlaíonn sé go bhfuil ball foirne ar an eolas faoi bhulaíocht, rachaidh sé/sí chuig an bpríomhoide .*
- *Tá ar an bpríomhoide nó ar bhall bainistíochta sinsearach An Córas agus Seicliosta Eachtra Bulaíochta a leanúint*.

Príomhphointí maidir le Bulaíocht

1. Cén chaoi Bulaíocht a sheachaint?

- Cuir **aithne & comhrá laethúil** ar chuile pháiste faoi do chúram.
- Cothaigh suíomh dearfach sábháilte sa rang, sa chlós, sa choláiste.
- Déan **feitheoireacht ghníomhach** agus éifeachtach i gcónaí.
- Cumasaigh páistí chun (i) eachtraí bulaíochta a aithint (ii) stop a chur le heachtraí nach dtaitníonn leo láithreach (iii) aird a dhíriú ar mhothúcháin (iv) ionbhá a léiriú le cás a chéile.
- Úsáid **An Modh Díreach**: 'STOP, ní thaitníonn sé sin liom' [stop, imigh, inis]
- Caith go cóir le gach duine. Bí cinnte go gcloíann gach duine leis na rialacha.
- Glac páirt ghníomhach i do thraenáil agus insealbhú foirne.
- Tabhair dea-shampla i gcónaí. Bí dearfach agus cabhrach.
- Beidh tacaíocht iomlán an Choláiste ag cinnirí/teagascóirí/baill foirne a thugann tús áite do chód agus modh oibre UISCE maidir le Bulaíocht & CCC&LL.

2. Cén chaoi Bulaíocht a aithint?

- 'Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar ionsaí leanúnach – cibé acu is ionsaí béil, síceolaíoch nó fisiciúil é – a dhéanann duine aonair nó grúpa daoine in aghaidh daoine eile. Is iompar é atá géaraitheach agus imeaglaithe d'aon ghnó, agus tarlaíonn sí go príomha i measc leanaí i dtimpeallachtaí sóisialta ar nós scoileanna' (http://www.education.ie).
- Tá bulaíocht suibiachtúil .i. pearsanta, claonta, ag brath ar mhothúcháin.
- Tá tábhacht faoi leith ag gabháil le mothúcháin in aon chás bulaíochta.
- **Dochar feiceálach**: msh. bulaíocht fhisiciúil: ballbhrú, gearradh, gortú, cibearbhulaíocht.
- **Dochar dofheicthe**: msh. bulaíocht mhothúchánach a dhéanann damáiste d'fhéinmhuinín & d'féinluach an duine .i. imeallú, cúlchaint, imeagla, bagairtí, scanrú, ciníochas.
- **Rannpháirtithe** in aon eachtra bulaíochta: (i) an coirpeach (ii) an t-íobartach (iii) lucht féachana. (**Daoine difriúla**: ciúin, drogallach, difriúil, údarásach, ag lorg airde, éadmhar).
- Go minic baineann bulaíocht le **mí-úsáid cumhachta** .i. dul thar fóir, **ró-údarásach**.
- Tá níos lú seans go ndéanfaimid bulaíocht ar a chéile má léiríonn muid ionbhá le cás a chéile.
- **Ionbhá** = taobh an duine eile a shamhlú, a thuiscint, a mhothú.

3. Cén chaoi déileáil le heachtra bulaíochta?

- Cuir stop leis an eachtra láithreach, faigh tacaíocht más gá.
- Úsáid na scileanna cumarsáide cuí .i. éist go géar gan aon bhreithiúnas a dhéanamh, léirigh meas, dírigh ar an réiteach, bí oscailte, neodrach, neamhchlaonta, proifisiúnta.
- Úsáid **An Modh Gan Milleán** (nuair nach mbíonn an bhulaíocht ródhona)
    1. Labhair leis an duine gortaithe (an t-íobartach).
    2. Labhair le gach duine a bhí páirteach san eachtra/i láthair mar ghrúpa.
    3. Mínigh an fhadhb (gan ainm an íobartaigh a scaoileadh).
    4. Cothaigh freagracht foirne. Cothaigh ionbhá.
    5. Iarr smaointe ó bhaill an ghrúpa maidir le réiteach na faidhbe.
    6. Aontaigh an réiteach eatarthu.
    7. Fág leo é. Labhair leo arís go luath chun fáil amach an bhfuil an fhadhb sáraithe agus rudaí feabhsaithe.
    8. Coinnigh gearrthuairisc scríofa faoin eachtra (tuairisc laethúil nó cruinniú an lae).

- **Inis don PO, PT nó Bain Oid i gcónaí faoi chás bulaíochta ar bith.**

Tá Polasaí FrithBhulaíochta UISCE in iomláine ar fáil ón mBainisteoir Oideachais nó ó Róisín Nic Grianna (eagrán athscrúdaithe 2024).

Siniú: Róisín Nic Grianna Dáta: 14/7/2024

(Príomhfheidhmeannach Choláiste UISCE)

(Athbhreithniú le déanamh ar an 14/7/2025)